



Cinneadh Uimh. 17/2021 an 10 Samhain 2021 ón mBord Bainistíochta ar na Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil ón Údarás Eorpach Saothair

BORD BAINISTÍOCHTA AN ÚDARÁIS EORPAIGH SAOTHAIR,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, Rialachán (AE) Uimh. 492/2011, agus Rialachán (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344¹ (“an Rialachán bunaidh” agus “an tÚdarás”), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid a leanas:

- (1) Bunaíodh an tÚdarás chun cabhrú le cothroime agus muinín sa mhargadh inmheánach a neartú. Is é cuspóir an Údaráis rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún i gcomhordú na gcóras slándála sóisialta. Chuige sin, ba cheart don Údarás idirghabháil a dhéanamh agus réiteach a éascú i gcás díospóidí idir Ballstáit maidir le cásanna aonair de chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán bunaidh.
- (2) Leis an Rialachán bunaidh cuirtear de chúram ar an mBord Bainistíochta rialacha nósanna imeachta idirghabhála a ghlacadh, lena n-áirítear socruithe oibre agus idirghabhálaithe a cheapadh, na spriocdhátaí is infheidhme, rannpháirtíocht saineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás, agus féidearthacht an Bhoird Eadrána suí i bpainéil a bheidh comhdhéanta de roinnt comhaltaí. An 15 Nollaig 2020, ghlac an Bord Bainistíochta Cinneadh 20/2020 lena mbunaítear an Meitheal um idirghabháil chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Údarás i gcur chun feidhme an Rialacháin Bhunaidh maidir le hidirghabháil agus maidir le bunú na socruithe riachtanacha.

¹ IO L 186, 11.7.2019, lch. 21-56

- (3) Ba cheart go mbeadh nós imeachta idirghabhála an Údaráis gan dochar d'inniúlachtaí an Choimisiúin Riaracháin, mar a fhoráiltear in Airteagal 72 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004². Áirítear ar na hinniúlachtaí sin, inter alia, déileáil le gach ceist riaracháin agus ceisteanna léirmhínithe a eascraíonn as forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus 987/2009.³
- (4) D'fhonn dea-chomhar a áirithiú idir an tÚdarás agus an Coimisiún Riaracháin maidir le cásanna idirghabhála a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta, ba cheart comhaontú comhair a bhunú idir an dá chomhlacht.
- (5) D'fhonn tarchur cásanna agus malartú faisnéise idir an tÚdarás agus líonra SOLVIT a chomhordú ar bhealach níos fearr, ba cheart comhaontú comhair a bhunú idir an dá chomhlacht.
- (6) Tá sé mar aidhm ag an nós imeachta idirghabhála na dearcthaí éagsúla a réiteach idir na Ballstáit a chinneann, arna iarraidh sin dóibh agus faoi réir a gcomhaontaithe, an cás a tharchur le haghaidh idirghabhála. Is é an toradh a bheidh ar thuairim neamhcheangailteach trí chomhaontú coiteann ó na Ballstáit is páirtithe sa díospóid, a fhéadfar í a ghlacadh le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara eile atá san áireamh sa phróiseas idirghabhála, mar a fhoráiltear in Airteagal 13 den Rialachán bunaidh.
- (7) Ba cheart go ndéanfaí foráil sna rialacha nós imeachta maidir le nós imeachta idirghabhála atá éifeachtach agus éifeachtúil, bunaithe ar phrionsabail agus ar noirm a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a bhfuil feidhm acu maidir le sásraí den chineál seo chun díospóidí a réiteach. Ba cheart dóibh foráil a dhéanamh freisin do réiteach tráthúil ar dhíospóidí arna dtarchur ag na Ballstáit.
- (8) Leis na forálacha atá sna rialacha nós imeachta seo, déantar na forálacha atá sa Rialachán bunaidh a fhorlíonadh agus a shoiléiriú, go háirithe Airteagal 13 de.

TAR ÉIS A CHINNEADH:

² IO L 166, 30.4.2004, lgh. 1-123.

³ IO L 284, 30.10.2009, lgh. 1-42.

Airteagal Aonair

Glactar leis seo na Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhrataisláiv, 10 Samhain 2021

Thar ceann an Bhoird Bhainistíochta,

Tom BEVERS

Cathaoirleach

RIALACHA NÓS IMEACHTA MAIDIR LE HIDIRGHABHÁIL

Airteagal 1

Sainmhínte

Chun críocha na Rialacha Nós Imeachta seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

- i. ciallaíonn “Rialachán bunaidh” Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair⁴;
- ii. ciallaíonn “Bord Bainistíochta” an Bord Bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán bunaidh;
- iii. ciallaíonn “eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta” comhaltaí na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Rialachán bunaidh, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus eanála;
- iv. ciallaíonn “Oifigigh Idirchaidrimh Náisiúnta” nó “NLOanna” na hoifigigh dá dtagraítear in Airteagal 32 den Rialachán bunaidh;
- v. ciallaíonn “Coimisiún Riaracháin” an Coimisiún Riaracháin um chomhordú na gcóras slándála sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004⁵;
- vi. ciallaíonn “Íonra SOLVIT” an Íonra arna bhunú le Moladh ón gCoimisiún an 17.9.2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT⁶;
- vii. áirítear le “ionaid náisiúnta SOLVIT” an “ionad intíre” agus an “Iárionad ceannais” sa Bhallstát mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT.
- viii. ciallaíonn “cás aonair de chur i bhfeidhm dhlí an Aontais” cásanna chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a fhéadfaidh na Ballstáit a tharchur le haghaidh idirghabhála lena mbaineann institiúidí, daoine agus eintitis dhlíthiúla is inaitheanta do na Ballstáit is páirtí sa díospóid, agus i gcás ina mbeidh dearcadh éagsúil ag dhá Bhallstát nó níos mó maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán bunaidh;
- ix. ciallaíonn “idirghabhála” duine a sheolann idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Rialachán bunaidh, agus a cheapann an Bord Bainistíochta é nó í i gcomhréir le hAirteagal 7 de na Rialacha Nós Imeachta;
- x. Ciallaíonn “saineolaí de chuid an Bhoird Idirghabhála” duine a shuíonn ar an mBord Idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 13(5) den Rialachán bunaidh, agus

⁴ Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lgh. 21-56)

⁵ Rialachán (AE) 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1)

⁶ Moladh 2013/461/AE ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT (IO L 249, 19.9.2013, lgh. 10-15)

a cheapann an Bord Bainistíochta é nó í i gcomhréir le hAirteagal 7 de na Rialacha Nós Imeachta;

- xi. ciallaíonn “saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach” na saneolaithe ón mBallstát, ón gCoimisiún agus ón Údarás dá dtagraítear in Airteagal 13(3) den Rialachán bunaidh (maidir leis an gcéad céim den idirghabháil), na saneolaithe ón gCoimisiún agus ón Údarás dá dtagraítear in Airteagal 13(5) den Rialachán bunaidh (maidir leis an dara céim den idirghabháil), chomh maith leis na saneolaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(19) agus (20) de na Rialacha Nós Imeachta.

I. RIALACHA NÓS IMEACHTA

A. Forálacha ginearálta

Airteagal 2

Cuspóir

De bhun Airteagal 13(1) den Rialachán bunaidh, féadfaidh an tÚdarás réiteach a éascú i gcás díospóide idir dhá Bhallstát nó níos mó maidir le cásanna aonair chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán bunaidh. Is é is aidhm don idirghabháil sin tuairimí éagsúla a thabhairt le chéile idir na Ballstáit is páirtithe sa díospóid agus tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh.

Airteagal 3

Raon feidhme

- (1) Is éard a bheidh i ndíospóidí atá inghlactha don nós imeachta idirghabhála ná díospóidí idir na Ballstáit maidir le cásanna aonair maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear le hAirteagal 14) den Rialachán bunaidh.
- (2) Ní bhainfidh an nós imeachta idirghabhála le hábhair de dhlí an Aontais a éilíonn tuairim dhlíthiúil ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, díospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag Ballstát atá bunaithe ar léirmhíniú atá curtha ar fáil cheana féin ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó ag aon sainchomhlacht ar cuireadh de chúram air le dlí an Aontais léirmhínithe den sórt sin a sholáthar, beidh siad inghlactha.
- (3) De bhun Airteagal 13(1) agus 13(9) den Rialachán bunaidh, beidh an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chumhachtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais

Eorpaigh. Ní bheidh cásanna ina bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Aontais inghlactha d'idirghabháil ag an Údarás. I gcás ina dtionscnaítear imeachtaí cúirte ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Aontais le linn an nós imeachta idirghabhála, cuirfidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid an tÚdarás agus an Ballstát eile nó na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin gan mhoill, agus cuirfear an nós imeachta idirghabhála ar fionraí.

Airteagal 4

Bunphrionsabail

- (1) Beidh sé d'aidhm ag an Údarás nós imeachta idirghabhála éifeachtach a chur ar bun lena ndéanfar foráil maidir le próiseas struchtúrtha chun na tuairimí éagsúla a thabhairt le chéile idir na Ballstáit agus chun tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh.
- (2) Beidh an nós imeachta idirghabhála bunaithe ar phrionsabail na neodracht, na neamhchlaontachta, an chomhair dhílis agus na huilechuimsitheachta. Áiritheoidh an tÚdarás freisin go mbeidh sé d'aidhm ag an nós imeachta idirghabhála tuairimí neamhcheangailteacha tapa agus cothroime a bhaint amach, agus go ráthófar nós imeachta neamhchlaonta lena n-urramaítear prionsabail na cothroime agus na héifeachtachta.
- (3) Coimeádfaidh idirghabhálaithe, saineolaithe an Bhoird Idirghabhála, agus saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach rúndacht dhian maidir leis na sonraí, na doiciméid, na conclúidí, an plé agus na torthaí a bhaineann leis an nós imeachta idirghabhála, gan dochar do na forálacha tuairiscithe sa Rialachán bunaidh agus dóibh siúd sna Rialacha Nós Imeachta seo.
- (4) Ní ghníomhóidh idirghabhálaithe, saineolaithe an Bhoird Idirghabhála, agus saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach sa nós imeachta idirghabhála mar ionadaithe dá mBallstát, ach ar bhonn a saineolais ghairmiúil ar bhealach neamhchlaonta. Staonfaidh siad ó bheith rannpháirteach mar idirghabhálaithe nó mar shaineolaithe ar an mBord Idirghabhála i ndíospóid arb é ceann de na páirtithe an Ballstát a d'ainmnigh iad, nuair a d'fhéadfaí a neamhchlaontacht a chur i mbaol ar bhealach ar bith eile, nó nuair a d'fhéadfadh a rannpháirtíocht bheith mar chúis le coimhlint leasa. Mar sin féin, féadfaidh idirghabhálaithe nó saineolaithe an Bhoird Idirghabhála gníomhú mar ionadaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 19(2), nuair a bheidh an Ballstát a d'ainmnigh iad ina Bhallstát sa díospóid.

Airteagal 5

Coinníollacha ginearálta

- (1) De bhun Airteagal 13(2) agus Airteagal 13(7) den Rialachán bunaidh, seolfar an nós imeachta idirghabhála arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó agus beidh sé deonach. Ní sheolfar é ach amháin le comhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid.
- (2) De bhun Airteagal 13(8) den Rialachán bunaidh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta go léir a bhaineann le cás a thíolactar le haghaidh idirghabhála a anaithnidiú ar shlí nach mbeidh an duine is ábhar do na sonraí inaitheanta nó nach mbeidh sé inaitheanta a thuilleadh. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le lárionaid náisiúnta SOLVIT a fhéadfaidh cásanna a tharchur lena mbreithniú ag an Údarás. Ní dhéanfaidh an tÚdarás sonraí pearsanta na ndaoine aonair a mbaineann an cás leo a phróiseáil ag aon tráth le linn na hidirghabhála.
- (3) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, déanfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid a ndícheall coimeád laistigh de na spriocdhátaí táscacha a shonraítear sna Rialacha Nós Imeachta seo, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an nós imeachta idirghabhála a chaomhnú.

Airteagal 6

Rochtain ar dhoiciméid

Déanfar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid an Údaráis a láimhseáil i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 8/2020 an 24 Aibreán 2020 ón mBord Bainistíochta lena leagtar síos na rialacha maidir le Rialachán (CE) 1049/2001 a chur i bhfeidhm i leith doiciméad an Údaráis Eorpaigh Saothair. Breithneoidh tíortha LEE agus an Eilvéis iarratais freisin agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an chomhair dhílis.

B. Struchtúr agus eagraíocht

Airteagal 7

Idirghabhálaithe agus saineolaithe don Bhord Idirghabhála a cheapadh

- (1) De bhun Airteagal 13(3) den Rialachán bunaidh, seolfar an chéad chéim den idirghabháil idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus idirghabhálaí. De bhun Airteagal 13(4) den Rialachán bunaidh, mura dtiocfar ar réiteach sa chéad chéim den idirghabháil, seolfaidh an tÚdarás an dara céim den idirghabháil os comhair a Bhord Idirghabhála, faoi réir comhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid. De bhun Airteagal 13(5) den Rialachán bunaidh, beidh an Bord Idirghabhála

comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit seachas na Ballstáit is páirtí sa díospóid.

- (2) Ceapfaidh an Bord Bainistíochta líon leordhóthanach idirghabhálaithe agus saineolaithe ó na Ballstáit a shuífidh ar an mBord Idirghabhála. Seolfaidh an tÚdarás glao ar chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ó na Ballstáit daoine a ainmniú chun gníomhú mar idirghabhálaithe nó mar shaineolaithe chun suí ar an mBord Idirghabhála. Úsáidfear foirm chaighdeánach an ghlaio atá i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta seo chun na críche sin.
- (3) Beidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag daoine a ainmneofar le haghaidh idirghabhálaithe i réimse na sásraí um réiteach díospóidí lena n-áirítear idirghabháil, agus de rogha air sin, eolas bunúsach a bhaineann le haon cheann de na réimsí éagsúla laistigh de raon feidhme an nós imeachta idirghabhála. Beidh an saineolas agus an inniúlacht is gá chun déileáil le díospóidí a bhaineann le haon cheann de na réimsí éagsúla laistigh de raon feidhme an nós imeachta idirghabhála ag daoine a ainmneofar mar shaineolaithe ar an mBord Idirghabhála. Glacfaidh idirghabhálaithe ceaptha agus saineolaithe an Bhoird Idirghabhála páirt in oiliúint speisialaithe ar theicnící idirghabhála lena n-áirítear teicnící a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil, agus i réimse an chaidrimh thionsclaíoch agus comhaontuithe comhchoiteanna, d'fhonn ardchaighdeán an nós imeachta idirghabhála agus de thuairimí neamhcheangailteacha a áirithiú.
- (4) Bunóidh an tÚdarás liosta de na hainmniúcháin go léir a gheofar, lena n-áirítear na sonraí go léir a shonrófar san fhoirm chaighdeánach atá i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta, agus measúnú maidir le cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann, i dtuairim an Údaráis, na daoine a bheidh ainmnithe le haghaidh idirghabhálaithe agus saineolaithe na ceanglais i mír 3. Cuirfear an liosta chuig an mBord Bainistíochta a cheapfaidh 6 idirghabhálaí ar a laghad, agus 18 saineolaí ón mBord Idirghabhála ar feadh téarma 36 mí. Féadfar idirghabhálaithe agus saineolaithe an Bhoird Idirghabhála a cheapadh ar feadh téarmaí comhleanúnacha. Coimeádfaidh an tÚdarás liosta idirghabhálaithe agus saineolaithe an Bhoird Idirghabhála cothrom le dáta. Chun leanúnachas an nós imeachta idirghabhála a áirithiú, déanfar an liosta a shíneadh go huathoibríoch thar an tréimhse sin chomh fada agus nach mbeidh liosta nua bunaithe. Má fhágann idirghabhálaí ceaptha nó saineolaí de chuid an Bhoird Idirghabhála roimh dheireadh an téarma sin, ceapfaidh an Bord Bainistíochta duine athsholáthair don tréimhse a bheidh fágtha. Faoi réir chomhaontú frithpháirteach na mBallstát is páirtí sa díospóid, leanfaidh idirghabhálaí nó saineolaithe uile an Bhoird Idirghabhála d'éisteacht díospóidí a seoladh roimh dheireadh an téarma, agus fanfaidh siad in oifig go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 18 .
- (5) Gníomhóidh idirghabhálaithe nó saineolaithe ceaptha an Bhoird Idirghabhála, lena n-áirítear Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, agus

saineolaithe a bheidh rannpháirteach i gcáil chomhairleach ar mhodh neodrach neamhchlaonta i gcomhréir le hAirteagal 4(4). Seachnóidh siad aon chás a d'fhéadfadh bheith mar chúis le coinbhleachtaí leasa. Déanfaidh gach idirghabhálaí nó saineolaí ar an mBord Idirghabhála, ar é nó í a cheapadh ar dhíospóid shonrach, dearbhú a shíniú á dhearbú nach bhfuil sé nó sí i staid de choinbhleacht leasa agus cuirfidh sé nó sí in iúl don Údarás i gcás ina dtiocfaidh athrú ar imthosca um choinbhleacht leasa. Tá an dearbhú neamhláithreachta coinbhleachta leasa atá le húsáid ag gabháil leis na Rialacha Níos Imeachta seo.

- (6) Áiritheoidh an Bord Bainistíochta go mbainfidh liosta na n-idirghabhálaithe agus na saineolaithe ceaptha de chuid an Bhoird Idirghabhála an chothromaíocht gheografach, ghairmiúil agus inscne is gá amach.
- (7) Déanfar costais arna dtabhú ag idirghabhálaithe nó saineolaithe an Bhoird Idirghabhála, lena n-áirítear Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, agus saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach, chun na feidhmeanna dá bhforáiltear sna Rialacha Níos Imeachta seo a chomhlíonadh a aisíoc i gcomhréir le Cinneadh 1/2019 an 11 Meán Fómhair 2019 ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir leis na rialacha maidir le haisíoc speansais taistil, cothabhála agus caiteachais eile.

Airteagal 8

An Bord Idirghabhála

A. Painéil a bhunú

- (1) De bhun Airteagal 13(6) den Rialachán bunaidh, féadfaidh an Bord Idirghabhála suí mar dhuine amháin nó i bpainéil ar a mbeidh roinnt comhaltaí.

B. Córas Cathaoirleachta

- (2) Ceapfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach ar feadh téarma 36 mí. Go heisceachtúil, 48 mí a bheidh i dtéarma tosaigh na Leas-Chathaoirleach. Chun na críche sin, tabharfaidh an tÚdarás cuireadh do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ó na Ballstáit daoine a ainmniú le haghaidh na bpost sin, ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Ar na cúiseanna a shonraítear i mír 4 den Airteagal seo, tiocfaidh an Cathaoirleach ceaptha, an chéad Leas-Chathaoirleach agus an dara Leas-Chathaoirleach ó Bhallstáit éagsúla, agus urramóidh siad an chothromaíocht gheografach agus inscne is gá. Más mó líon na ndaoine a ainmneofar le haghaidh oifig an Chathaoirleach agus na Leas-Chathaoirleach an líon is gá, déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh trí vótáil, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán bunaidh.

- (3) D'fhonn leanúnachas an nós imeachta idirghabhála a áirithiú, déanfar an téarma oifige dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a shíneadh go huathoibríoch thar an tréimhse sin fad nach mbeidh an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh nua ceaptha. Má fhágann an Cathaoirleach nó na Leas-Chathaoirligh sula dtéann an téarma seo in éag, ceapfaidh an Bord Bainistíochta duine eile don tréimhse a bheidh fágtha.
- (4) Comhlíonfaidh an chéad Leas-Chathaoirleach feidhmeanna an Chathaoirligh go háirithe sna cásanna sin, de bhun Airteagal 4(4) de na Rialacha Nós Imeachta seo agus Airteagal 13(5) den Rialachán bunaidh, i gcás nach gceadaítear nó nach mbeidh an Cathaoirleach ábalta páirt a ghlacadh. Comhlíonfaidh an dara Leas-Chathaoirleach feidhmeanna an Chathaoirligh, go háirithe sna cásanna sin nach gceadaítear don Chathaoirleach ná don chéad Leas-Chathaoirleach páirt a ghlacadh, nó nach mbeidh siad ábalta páirt a ghlacadh.
- (5) Áireofar ar fheidhmeanna an Chathaoirligh:
 - a) ag tabhairt cuireadh do shaineolaithe ceaptha de chuid an Bhoird Idirghabhála a bhfuil saineolas ábhartha acu i réimse na díospóide a bheith rannpháirteach ar an mBord Idirghabhála, painéal an Bhoird Idirghabhála a cheapadh, agus na Ballstáit is páirtithe sa díospóid a chur ar an eolas, lena n-áirítear a NLOanna faoi seach agus an tÚdarás faoina chomhdhéanamh, dá bhforáiltear in Airteagal 19(11);
 - b) an rapóirtéir a ainmniú as measc shaineolaithe an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil, ag brath ar an gcás, dá bhforáiltear i mír 8 den Airteagal seo;
 - c) bheith i gceannas ar chruinnithe uile an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil, ag brath ar an gcás;
 - d) gníomhú mar ionadaí agus príomhphointe tagartha don Bhord Idirghabhála sa chumarsáid agus sa chaidreamh leis an mBord Bainistíochta, na Ballstáit atá ina bpáirtithe sa díospóid lena n-áirítear a NLOanna faoi seach agus an tÚdarás;
 - e) obair an Bhoird Idirghabhála a chomhordú, á áirithiú go gcomhlíonfaidh an Bord Idirghabhála na bunphrionsabail dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus na socruithe oibre dá bhforáiltear in Airteagal 19;
 - f) ardcháilíocht an nós imeachta idirghabhála agus tuairimí neamhcheangailteacha a áirithiú;
 - g) cinneadh a dhéanamh maidir leis na socruithe oibre is éifeachtaí chun an dara céim den nós imeachta idirghabhála a sheoladh, i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, i gcomhréir le hAirteagal 19.

Le linn dó na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, rachaidh an Cathaoirleach i gcomhairle leis na Leas-Chathaoirligh agus tabharfaidh na Leas-Chathaoirligh cúnaimh dó freisin.

C. Comhdhéanamh

- (6) Beidh painéal an Bhoird Idirghabhála comhdhéanta den Chathaoirleach, de na Leas-Chathaoirligh agus ar a laghad seisear saineolaí eile ón mBord Idirghabhála

arna roghnú ón liosta saineolaithe arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 7(4). Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an nós imeachta a áirithiú, níor cheart go mbeadh painéal an Bhoird Idirghabhála comhdhéanta de níos mó ná dáréag saineolaí de chuid an Bhoird Idirghabhála ó Bhallstáit seachas na Ballstáit atá ina bpáirtí sa díospóid.

- (7) Nuair a bheidh painéal an Bhoird Idirghabhála á cheapadh aige, áiritheoidh an Cathaoirleach go mbeidh sé comhdhéanta de shaineolaithe ón mBord Idirghabhála a bhfuil an t-eolas agus an saineolas ábhartha acu maidir le cineál agus réimse ábhar na díospóide, agus i gcás inar féidir, go n-urramóidh sé an chothromaíocht gheografach agus inscne is gá.
- (8) I gcás gach díospóide a dtarchuirtear chuig an mBord Idirghabhála, ainmneoidh an Cathaoirleach rapóirtéir as measc shaineolaithe an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil, ag brath ar an gcás, ag cur san áireamh cineál na díospóide agus saineolas, inniúlacht agus infhaighteacht an saineolaí sin. Beidh an rapóirtéir freagrach as an tuarascáil fhíorasach agus as an tuairim neamhcheangailteach a ullmhú, agus tuairimí uile chomhaltaí an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil á gcur san áireamh, ag brath ar an gcás, na mBallstát is páirtí sa díospóid agus saineolaithe eile rannpháirteach i gcáil chomhairleach, i gcomhréir le hAirteagal 19.

C. Céimeanna tosaigh an nós imeachta idirghabhála

Airteagal 9

Iarratas ó na Ballstáit

- (1) De bhun Airteagal 13(2) den Rialachán bunaidh, i gcás nach féidir díospóid a réiteach trí theagmháil dhíreach agus idirphlé idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit lena mbaineann a iarraidh ar an tÚdarás nós imeachta idirghabhála a sheoladh.
- (2) Ba cheart go léireofaí go soiléir san iarraidh na hábhair imní atá ag an mBallstát/ag na Ballstáit a dhéanann an iarraidh agus ní mór ráiteas mionsonraithe a bheith ann. Tá samhail den ráiteas mionsonraithe, lena n-áirítear an fhaisnéis atá le cur san áireamh ann, i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta seo. Féadfaidh an tÚdarás faisnéis bhreise agus/nó soiléirithe a iarraidh ar an mBallstát/ar na Ballstáit lena mbaineann is gá chun measúnú fóna a dhéanamh ar an díospóid. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na sonraí pearsanta go léir a bhaineann leis an gcás dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) a anaithnidí.
- (3) Ar iarraidh den sórt sin a fháil, admhóidh an tÚdarás go bhfuarthas é. Má bhaineann an díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le hábhair a bhaineann le slándáil shóisialta, tabharfaidh an tÚdarás aird chuí ar aon iarrataí ón gCoimisiún

Riaracháin nó ó na Ballstáit chun an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin, mar a fhoráiltear in Airteagal 11, sula seolfar an nós imeachta idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 14.

Airteagal 10

Idirghabháil ar thionscnamh an Údaráis féin

- (1) De bhun Airteagal 13(2) den Rialachán bunaidh, féadfaidh an tÚdarás a mholadh nós imeachta idirghabhála a sheoladh ar a thionscnamh féin. De bhun Airteagal 7(1)(e) den Rialachán bunaidh, breithneoidh an tÚdarás cibé an ndéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé iarrataí nach bhfuil réiteach déanta faoi Airteagal 7(1) den Rialachán bunaidh a tharchur chuig idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 13(2). I gcás den sórt sin, iarrfaidh an tÚdarás ar gach Ballstát is páirtí sa díospóid a d'fhéadfadh a bheith ann a dhearbhu, laistigh de 15 lá oibre ón iarraidh a fháil, i scríbhinn, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh réiteach na díospóide ionchasaí arna thriail cheana féin ag teagmháil dhíreach agus idirphlé agus an aontaíonn sé go seolann an tÚdarás an nós imeachta idirghabhála, mura n-éiríonn leis an teagmháil dhíreach agus leis an idirphlé.
- (2) I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid ionchasach in iúl don Údarás go ndearnadh teagmháil dhíreach agus idirphlé cheana féin nár baineadh amach aon réiteach agus a gcomhaontú faoi seach a thabhairt, seolfaidh an tÚdarás an nós imeachta idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 14 agus gan dochar d'Airteagal 11.

Airteagal 11

Díospóidí a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta

- (1) De bhun Airteagal 13(10) den Rialachán bunaidh, beidh idirghabháil gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin Riaracháin. Ina theannta sin, cuirfear san áireamh san idirghabháil gach cinneadh ábhartha ón gCoimisiún Riaracháin.
- (2) De bhun Airteagal 13(11) den Rialachán bunaidh, nuair a bhaineann díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le hábhair a bhaineann le slándáil shóisialta, cuirfidh an tÚdarás an Coimisiún Riaracháin ar an eolas. Arna iarraidh sin don Choimisiún Riaracháin agus le comhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, déanfaidh an tÚdarás an tsaincheist maidir le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin. Arna iarraidh sin d'aon Bhallstát is páirtí sa díospóid, déanfaidh an tÚdarás an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin. Féadfar an tarchur sin a dhéanamh ag aon chéim den idirghabháil.

- (3) Bunóidh an tÚdarás agus an Coimisiún Riaracháin comhaontú comhair, chun an dea-chomhar a áirithiú, chun na gníomhaíochtaí a chomhordú i gcomhaontú frithpháirteach agus chun aon dúbailt a sheachaint i gcásanna idirghabhála a bhaineann le saincheistanna slándála sóisialta agus dlí an tsaothair araon. Áireofar sa chomhaontú comhair socruithe chun Airteagal 13(10) agus (11) den Rialachán bunaidh a chur chun feidhme, a measfar gur cuid dhílis de na Rialacha Nós Imeachta seo iad.

Airteagal 12

Tarchur cásanna ag Líonra SOLVIT

- (1) Ag tagairt d'Aithris (23) den Rialachán bunaidh, féadfaidh líonra SOLVIT cásanna a chur faoi bhráid an Údaráis lena mbreithniú nach féidir an fhadhb a réiteach mar gheall ar dhifríochtaí idir riaracháin náisiúnta.
- (2) D'fhonn tarchur cásanna agus malartú faisnéise a chomhordú ar bhealach níos fearr, tabharfaidh an tÚdarás agus líonra SOLVIT comhaontú comhair i gcrích. Déanfar cásanna a tharchuireann líonra SOLVIT chuig an Údarás lena bhreithniú a phróiseáil i gcomhréir leis an gcomhaontú.

Airteagal 13

Diúltú ag Ballstát páirt a ghlacadh san idirghabháil

De bhun Airteagal 13(7) den Rialachán bunaidh, i gcás ina gcinnfidh Ballstát gan páirt a ghlacadh san idirghabháil, cuirfidh sé an tÚdarás agus na Ballstáit eile is páirtí sa díospóid ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, faoi na cúiseanna dá chinneadh laistigh de 15 lá oibre tar éis don Údarás iarraidh a fháil i gcomhréir le hAirteagal 14(3).

Airteagal 14

Teagmháil dhíreach agus idirphlé idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid

- (1) Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an Údarás an nós imeachta idirghabhála a sheoladh a luaithe a bheidh gach iarracht chun an díospóid a réiteach trí theagmháil dhíreach agus trí idirphlé ídithe.
- (2) Nuair a gheofar an iarraidh ó na Ballstáit uile is páirtí sa díospóid, seolfaidh an tÚdarás an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála, tar éis dó a fhíorú go dtagann an díospóid faoi raon feidhme an nós imeachta idirghabhála, gan dochar d'Airteagal 11. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann an ráiteas mionsonraithe dá

dtagraítear in Airteagal 9(2) a sholáthar don Údarás laistigh de 15 lá oibre ó thíolacadh a n-iarraidh.

- (3) Nuair nach bhfaighfear an iarraidh ó na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid, déanfaidh an tÚdarás, sula seolfar an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála, teagmháil leis an mBallstát/leis na Ballstáit nach ndearna iarratas chun a rannpháirtíocht san idirghabháil a dheimhniú. Déanfaidh an Ballstát/na Ballstáit lena mbaineann a dhearbhú i scríbhinn, laistigh de 15 lá oibre ón iarraidh a fháil, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, a gcomhaontú nó ar shlí eile. Nuair a chomhaontóidh na Ballstáit go léir lena mbaineann a bheith rannpháirteach san idirghabháil, cuirfidh siad an ráiteas mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 9(2) ar fáil don Údarás laistigh de 15 lá oibre ón dáta a gcuirfidh na Ballstáit an tÚdarás ar an eolas faoina gcomhaontú.
- (4) I gcás ina gcinnfidh Ballstát amháin nó níos mó gan páirt a ghlacadh san idirghabháil, beidh feidhm ag Airteagal 13 dá réir sin.

D. Céimeanna an nós imeachta idirghabhála

Airteagal 15

An chéad chéim den idirghabháil

- (1) De bhun Airteagal 13(2) den Rialachán bunaidh, i gcás nach féidir díospóid a réiteach trí theagmháil dhíreach agus idirphlé idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid, seolfaidh an tÚdarás nós imeachta idirghabhála, agus tabharfar fógra i scríbhinn do na Ballstáit is páirtithe sa díospóid dá réir sin. Measfar gurb é dáta an fhógra sin dáta seolta na chéad chéime den idirghabháil.
- (2) De bhun Airteagal 13(3) den Rialachán bunaidh, seolfar an chéad chéim den idirghabháil idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus idirghabhálaí, a ghlacfaidh tuairim neamhcheangailteach trí chomhaontú coiteann.
- (3) A luaithe a cheapfar an t-idirghabhálaí i gcomhréir le hAirteagal 19(5), cuirfidh an tÚdarás ar fáil don idirghabhálaí ceaptha na ráitis mhionsonraithe, agus aon fhaisnéis ábhartha bhreise agus/nó soiléirithe maidir leis an díospóid a chuir na Ballstáit is páirtí sa díospóid faoi bhráid i gcomhréir le hAirteagal 9(2).
- (4) Seolfaidh an t-idirghabhálaí an nós imeachta idirghabhála i gcomhréir leis na socruithe oibre is infheidhme dá bhforáiltear in Airteagal 19.
- (5) De bhun Airteagal 13(4) den Rialachán bunaidh, mura dtiocfar ar réiteach sa chéad chéim den idirghabháil, seolfaidh an tÚdarás an dara céim den idirghabháil

os comhair a Bhoird Idirghabhála, faoi réir chomhaontú na mBallstát uile atá ina bpáirtithe sa díospóid.

Airteagal 16

An dara céim den idirghabháil

- (1) De bhun Airteagal 13(5) den Rialachán bunaidh, féachfaidh an Bord Idirghabhála, ar a mbeidh saineolaithe ó Bhallstáit seachas na Ballstáit is páirtí sa díospóid, le dearcthaí éagsúla na mBallstát is páirtí sa díospóid a réiteach agus aontóidh sé ar thuairim neamhcheangailteach.
- (2) Tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis don idirghabhálaí an tuarascáil fhíorasach deiridh a thíolacadh mar a fhoráiltear in Airteagal 19(10), rud a thugann le fios nár thángthas ar aon réiteach le linn na chéad chéime den idirghabháil, déanfaidh an tÚdarás, faoi réir chomhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid, an dara céim den idirghabháil a sheoladh. Tabharfar fógra i scríbhinn dá réir sin do na Ballstáit is páirtí sa díospóid. Measfar gurb é dáta an fhógra sin dáta seolta na chéad chéime den idirghabháil.
- (3) Cuirfidh an tÚdarás ar fáil do Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála an tuarascáil fhíorasach deiridh arna hullmhú ag an idirghabhálaí, na ráitis mhionsonraithe agus aon fhaisnéis ábhartha bhreise agus/nó soiléirithe maidir leis an díospóid a chuir na Ballstáit is páirtí sa díospóid faoina bráid.
- (4) Seolfaidh an t-idirghabhálaí an nós imeachta idirghabhála i gcomhréir leis na socruithe oibre is infheidhme dá bhforáiltear in Airteagal 19.

Airteagal 17

Toradh idirghabhála

- (1) De bhun Airteagal 13(3) agus 13(5) den Rialachán bunaidh, is é toradh an nós imeachta idirghabhála ná tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh. Cuirfear san áireamh sa tuairim neamhcheangailteach acquis an Aontais Eorpaigh agus doiciméid léirmhínithe eile arna gcur ar fáil ag sainchomhlachtaí a gcuirtear de chúram orthu i ndlí an Aontais. Féadfaidh moltaí agus réitigh shonracha a bheith ann chun an díospóid a réiteach. Tá samhail den tuairim neamhcheangailteach i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta seo. Mura féidir teacht ar chomhaontú comhchoiteann ar shaincheist áirithe, ní ghlacfar tuairim neamhcheangailteach.
- (2) Ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag an tuairim neamhcheangailteach arna ghlacadh, ní bheidh sé ina cheangal dlí ná ní bheidh sé infhorghníomhaithe. Ina theannta sin, ní dhéanfaidh sé dochar do thionscnamh imeachtaí sáraithe ag an

gCoimisiún Eorpach ná d'imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó údaráis náisiúnta. Mar sin féin, a luaithe a bheidh réiteach comhaontaithe ag na Ballstáit is páirtí sa díospóid, ba cheart do gach Ballstát na bearta is gá a ghlacadh chun í a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama chomhaontaithe agus tuairisc a thabhairt don Údarás i gcomhréir le hAirteagal 20.

- (3) Déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá chun taifead a bhunú agus a choinneáil ar dhíospóidí arna dtarchur agus arna réiteach trína nós imeachta idirghabhála i bhformáid leictreonach.

Airteagal 18

Deireadh leis an nós imeachta idirghabhála agus é a chur ar fionraí

- (1) A luaithe a sheolfar an nós imeachta idirghabhála, críochnóidh an nós imeachta ar an dáta a nglacfar tuairim neamhcheangailteach, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála.
- (2) Féadfaidh deireadh a chur leis an nós imeachta idirghabhála freisin:
- a) Ag an gcéad chéim, trí dhearbú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, nach mbainfí leas as tuilleadh iarrachtaí ar idirghabháil, nó nach bhfuil comhaontú coiteann ann maidir le glacadh de thuairim neamhcheangailteach faoi dheireadh na dteorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 19(9), agus nach n-aontaíonn ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit lena mbaineann go seolfaidh an tÚdarás an dara céim den idirghabháil, ar dháta an dearbhaithe sin;
 - b) Ag an dara céim, le dearbhú i scríbhinn ó Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtithe sa díospóid, nach mbainfí leas as tuilleadh iarrachtaí chun tuairimí éagsúla na mBallstát a thabhairt le chéile, nó nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann maidir le tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh faoi dheireadh na dteorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 19(16), ar dháta an dearbhaithe sin;
 - c) Trí dhearbú i scríbhinn ón idirghabhálaí nó ó Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, gur gá an fhaisnéis, an fhianaise, na fíorais agus na himthosca a thíolacfaidh na Ballstáit is páirtithe i ndíospóid a fhíorú, nó go bhfuil gá le faisnéis bhreise, agus nach bhfuil aon chomhaontú ag na Ballstáit lena mbaineann maidir le moladh ón idirghabhálaí nó ó Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 19(22);
 - d) Trí iarratas i scríbhinn ó Bhallstát amháin nó níos mó is páirtí sa díospóid, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, ar dháta na hiarrata sin;
 - e) Trí iarratas i scríbhinn ón gCoimisiún Riaracháin, roimh sheoladh na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála, i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa

- díospóid, an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin, ar dháta na hiarrata sin;
- f) Trí iarratas i scríbhinn ón gCoimisiún Riaracháin agus i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtithe sa díospóid, an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, á léiriú go mbaineann an díospóid le heilimintí nua de léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus 987/2009 nach raibh soiléir nó doiciméadaithe nuair a cuireadh ar an eolas é roimh seoladh an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála, ar dháta na hiarrata sin;
 - g) Trí iarratas i scríbhinn ó aon Bhallstát is páirtí sa díospóid, an tsaincheist a bhaineann le comhordú slándála sóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, ar dháta na hiarrata sin;
- (3) Cuirfear an nós imeachta idirghabhála ar fionraí:
- a) Trí iarratas i scríbhinn ó Bhallstát amháin nó níos mó is páirtí sa díospóid, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, á léiriú gur tionscnaíodh imeachtaí Cúirte tar éis seoladh an nós imeachta idirghabhála;
 - b) Nuair a sheoltar nós imeachta idirghabhála maidir le díospóid a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta, agus ar tarchuireadh chuig an gCoimisiún Riaracháin é ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála.

II. SOCRUITHE OIBRE

Airteagal 19

A. Forálacha ginearálta

- (1) Agus a gcuid oibre á déanamh acu, beidh na hidirghabhálaithe agus an Bord Idirghabhála ag brath ar mhodhanna oibre praiticiúla agus solúbtha, lena n-áirítear malartú ríomhphoist, cruinnithe bunaithe ar an ngréasán, agus comhdhálacha teileafóin nó físchomhdhálacha, agus na bunphrionsabail atá cumhdaithe in Airteagal 4 á n-urramú acu.
- (2) Ceapfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid ionadaí náisiúnta chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann le linn an nós imeachta idirghabhála, agus féadfaidh saineolaithe eile ón mBallstát céanna tacaíocht a thabhairt dó. Cuirfear na hOifigigh Idirchaidrimh Náisiúnta arna n-ainmniú ag na Ballstáit is páirtithe sa díospóid ar an eolas agus gníomhóidh siad mar éascaitheoirí faoin nós imeachta agus, i gcás inar gá, mar phointí teagmhála le haghaidh cumarsáide idir na Ballstáit lena mbaineann, an t-idirghabhálaí agus Cathaoirleach an Bord Idirghabhála le linn an nós imeachta idirghabhála.
- (3) Aon imeachtaí fisiceacha le linn an dá chéim den idirghabháil, déanfar iad i gceanncheathrú an Údaráis, mura gcomhaontófar a mhalairt idir na Ballstáit is

páirtí sa díospóid, agus idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála. Déanfar éisteachtaí fisiceacha a thionólfar le linn an dara céim den idirghabháil i gcomhréir le mír 13 i gceanncheathrú an Údaráis.

- (4) Féadfaidh an t-idirghabhálaí agus Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, tráth ar bith le linn an nós imeachta idirghabhála, ceisteanna a chur i scríbhinn chuig aon cheann de na Ballstáit is páirtí sa díospóid. Gheobhaidh gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann cóip d'aon cheist agus cuirfidh sé cóip dá fhreagra i scríbhinn ar na ceisteanna sin ar fáil don pháirtí eile freisin. Tabharfar deis do gach Ballstát barúlacha i scríbhinn a sholáthar maidir le freagra an Bhallstáit eile laistigh de 15 lá oibre ón dáta a gheofar an freagra sin. Ní dhéanfaidh an t-am a cheadaítear chun barúlacha i scríbhinn a sholáthar difear d'fheidhmiú na n-amlínte foriomlána dá bhforáiltear i mír 9 agus i mír 16 den Airteagal seo.

B. Socruithe oibre le linn na chéad chéime den idirghabháil

- (5) A luaithe a sheolfar an chéad chéim den idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 15, tabharfaidh an tÚdarás cuireadh do na Ballstáit is páirtí sa díospóid teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le hidirghabhálaí ó liosta na n-idirghabhálaithe arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 7(4). Ceapfar an t-idirghabhálaí laistigh de 10 lá oibre ar a dhéanaí ó sheoladh na chéad chéime. Mura féidir teacht ar chomhaontú coiteann maidir le roghnú an idirghabhálaí, déanfaidh an tÚdarás, gan mhoill, idirghabhálaí a cheapadh trí chineál na díospóide a mheas agus saineolas, inniúlacht agus infhaighteacht na n-idirghabhálaithe ar an liosta.
- (6) Déanfaidh an t-idirghabhálaí cinneadh maidir leis an gcur chuige is iomchuí chun na himeachtaí a eagrú tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, chun na tuairimí éagsúla a thabhairt le chéile agus chun réiteach ar an díospóid a éascú ar an modh is éifeachtúla agus is éifeachtaí. Go háirithe, féadfaidh an t-idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid, dul i gcomhairle leo go comhpháirteach nó go leithleach, agus aon tacaíocht bhreise a iarrfaidh na Ballstáit lena mbaineann a sholáthar. I gcásanna inar mian leis an idirghabhálaí teacht le chéile nó labhairt le ceann de na Ballstáit is páirtí i ndíospóid, cuirfidh sé an Ballstát eile ar an eolas roimh ré agus a luaithe is féidir tar éis a chruinnithe nó a phlé aontaobhaigh leis an gcéad Bhallstát.
- (7) Éascóidh an t-idirghabhálaí plé idir na Ballstáit is páirtí i ndíospóid d'fhonn teacht ar réiteach sásúil ar an díospóid. Cabhróidh an t-idirghabhálaí, ar bhealach neamhchlaonta trédhearcach, leis na Ballstáit is páirtí i ndíospóid chun soiléireacht a thabhairt don tsaincheist, agus chun tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh trí chomhaontú coiteann lena n-áirítear réiteach atá inghlactha go frithpháirteach. Áiritheoidh an t-idirghabhálaí an sreabhadh faisnéise agus spreagfaidh sé na Ballstáit chun teacht ar réiteach den sórt sin.

- (8) Féadfaidh an t-idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh do na Ballstáit is páirtí i ndíospóid, ag cur san áireamh acquis an Aontais Eorpaigh agus doiciméid léirmhínithe eile arna gcur ar fáil ag sainchomhlachtaí arna gcur ar iontaoibh dhlí an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann glacadh leis an réiteach atá beartaithe nó diúltú dó, agus comhaontú ar réiteach eile. Ní dhéanfaidh an t-idirghabhálaí, ar aon slí, réiteach a fhorchur ar na Ballstáit lena mbaineann, ná tuairim a thabhairt maidir le cé acu de na Ballstáit is páirtí i ndíospóid atá ceart nó mícheart.
- (9) Déanfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus an t-idirghabhálaí a ndícheall tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh trí chomhaontú coiteann laistigh de 45 lá oibre ó cheapadh an idirghabhálaí. I gcás díospóidí atá thar a bheith casta, féadfaidh an t-idirghabhálaí, i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, an tréimhse ama a shíneadh le 15 lá oibre breise chun críche pléití breise a dhéanamh. Cuirfidh an t-idirghabhálaí an tÚdarás ar an eolas láithreach faoin gcomhaontú ar shíneadh den sórt sin.
- (10) Faoi dheireadh na dteorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 9, déanfaidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach a thíolacadh i scríbhinn do na Ballstáit is páirtí i ndíospóid agus don Údarás. Féadfaidh an t-idirghabhálaí, le comhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, 10 lá oibre breise a iarraidh chun an tuarascáil a chomhlánú. Tá samhail den tuarascáil i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta seo. Tabharfaidh an t-idirghabhálaí 15 lá oibre do na Ballstáit lena mbaineann chun a dtuairimí a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil agus, i gcás inarb infheidhme, ar an tuairim neamhcheangailteach. I gcás ina nglacfar tuairim neamhcheangailteach, áiritheoidh an tÚdarás, laistigh den teorainn ama chéanna, go bhfuil an tuairim neamhcheangailteach i gcomhréir le acquis an Aontais Eorpaigh. Tar éis dó na barúlacha a tíolacadh laistigh den teorainn ama a cuireadh ar fáil a bhreithniú, déanfaidh an t-idirghabhálaí, i scríbhinn, tuarascáil fhíorasach deiridh agus, i gcás inarb infheidhme, an tuairim neamhcheangailteach a thíolacadh do na Ballstáit lena mbaineann agus don Údarás laistigh de 15 lá oibre.

C. Socruithe oibre le linn an dara céim den idirghabháil

- (11) A luaithe a sheolfaidh an tÚdarás an dara céim den idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 16, déanfaidh an Cathaoirleach, mura suífidh an Bord Idirghabhála mar aon ní amháin é, painéal an Bhoird Idirghabhála a cheapadh gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal 8 pointe C (Comhdhéanamh). Ceapfar an painéal laistigh de 10 lá oibre ó sheoladh an dara céim den idirghabháil, agus cuirfidh an Cathaoirleach a chomhdhéanamh in iúl do na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus don Údarás.
- (12) Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, cinneadh maidir leis an gcur chuige is iomchuí chun na himeachtaí a eagrú chun na dearcthaí éagsúla a thabhairt le chéile agus chun réiteach ar dhíospóid a éascú ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

- (13) Arna iarraidh sin do Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí i ndíospóid, tionólfar éisteacht chun go bhféadfar aighneacht ó bhéal a reáchtáil. 15 lá oibre ar a laghad roimh an éisteacht, tabharfaidh an tÚdarás fógra do na páirtithe maidir le dáta, am, ionad agus módúlachtaí na héisteachta. Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht:
- a) an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh;
 - b) saineolaithe an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil, ag brath ar an gcás, a éistfidh an díospóid, lena n-áirítear an rapóirtéir;
 - c) na hionadaithe náisiúnta arna gceapadh ag na Ballstáit is páirtí sa díospóid chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh, a bhféadfaidh saineolaithe eile ón mBallstát céanna tacaíocht a thabhairt dóibh;
 - d) na hOifigigh Idirchaidrimh Náisiúnta ó na Ballstáit faoi seach atá ina bpáirtithe sa díospóid;
 - e) saineolaithe ón gCoimisiún, saineolaithe ón Údarás, agus saineolaithe ó eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i gcáil chomhairleach mar a fhoráiltear i mír 19.
- (14) Áiritheoidh Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála go dtabharfar am cainte comhionann do na Ballstáit is páirtí i ndíospóid le linn na héisteachta. Féadfaidh an Bord Idirghabhála ceisteanna a dhíriú chuig gach Ballstát le linn na héisteachta. Féadfaidh gach Ballstát is páirtí i ndíospóid aighneachtaí scríofa forlíontacha maidir le haon ábhar a eascraíonn le linn na héisteachta a sholáthar don Bhord Idirghabhála agus don Bhallstát/do na Ballstáit eile is páirtí sa díospóid maidir le haon ábhar a éireoidh le linn na héisteachta laistigh de 15 lá oibre ó dháta na héisteachta. Ní dhéanfaidh an t-am a cheadaítear chun aighneachtaí scríofa forlíontacha a sholáthar difear do rith na n-amlínte foriomlána chun an dara céim den idirghabháil a thabhairt chun críche mar a fhoráiltear i mír 16 den Airteagal seo.
- (15) Beidh feidhm ag míreanna 7 agus 8 mutatis mutandis.
- (16) Déanfaidh na Ballstáit is páirtí i ndíospóid agus an Bord Idirghabhála a ndícheall tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh trí chomhaontú coiteann laistigh de 45 lá oibre ó cheapadh an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil, ag brath ar an gcás, mar a fhoráiltear i mír 11. I gcás díospóidí atá thar a bheith casta, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, an tréimhse ama a shíneadh le 15 lá oibre breise chun críocha tuilleadh plé a dhéanamh. Cuirfidh an Cathaoirleach an tÚdarás ar an eolas láithreach faoin gcomhaontú ar shíneadh den sórt sin.
- (17) Faoi dheireadh na dteorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 16, déanfaidh an rapóirtéir dréacht-tuarascáil fhíorasach a thíolacadh i scríbhinn do na Ballstáit is páirtí i ndíospóid agus don Údarás. Féadfaidh an rapóirtéir, le comhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, 10 lá oibre breise a iarraidh chun an tuarascáil a

chomhlánú. Tá samhail den tuarascáil i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta seo. Tabharfaidh an rapóirtéir 15 lá oibre do na Ballstáit lena mbaineann chun a dtuairimí a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil agus, i gcás inarb infheidhme, ar an tuairim neamhcheangailteach. I gcás ina nglacfar tuairim neamhcheangailteach, áiritheoidh an tÚdarás, laistigh den teorainn ama chéanna, go bhfuil an tuairim neamhcheangailteach i gcomhréir le acquis an Aontais Eorpaigh. Tar éis dó na barúlacha a tíolacadh laistigh den teorainn ama a cuireadh ar fáil a bhreithniú, déanfaidh an rapóirtéir, i scríbhinn, tuarascáil fhíorasach deiridh agus, i gcás inarb infheidhme, an tuairim neamhcheangailteach a thíolacadh do na Ballstáit lena mbaineann, don Bhord Idirghabhála, agus don Údarás laistigh de 15 lá oibre.

- (18) Díscaoilfear painéal an Bhoird Idirghabhála ag deireadh an dara céim den idirghabháil. Féadfaidh an Cathaoirleach a chinneadh, áfach, go n-úsáidfear an painéal céanna chun na tuairimí éagsúla i roinnt díospóidí a réiteach, go háirithe i gcásanna díospóidí iolracha a bhfuil baint acu nó a bhfuil cosúlachtaí iontu.

D. Rannpháirtíocht saineolaithe i gcáil chomhairleach

- (19) Arna iarraidh sin agus faoi réir chomhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, tabharfaidh an t-idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála cuireadh do shaineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás a bheith rannpháirteach i gcáil chomhairleach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) agus (5) den Rialachán bunaidh. Rannchuideoidh saineolaithe den sórt sin leis an nós imeachta idirghabhála trí thuairimí a thíolacadh, trí mholtaí a dhéanamh agus trí réitigh a mholadh d'fhonn na dearcaí éagsúla a réiteach idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus chun tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh.
- (20) I gcás ina mbaineann an díospóid le saincheisteanna a bhaineann le forálacha i gcomhaontuithe comhchoiteanna i mBallstáit ina bhfuil na comhpháirtithe sóisialta inniúil maidir lena gcur i bhfeidhm, lena maoirsiú, lena léiriú agus lena bhforghníomhú, rachaidh an t-idirghabhálaí agus Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála i gcomhairle leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta inniúla chun a dtuairimí a chloisteáil ar na saincheisteanna lena mbaineann. Tá sé seo gan dochar d'uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 1(3) agus (6) den Rialachán bunaidh. Déanfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar leibhéal an Aontais arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán bunaidh an chéad phointe teagmhála trína seolfar gach cumarsáid, lena n-áirítear na comhairliúcháin a dhéanfar le linn na hidirghabhála, a chur in iúl don Údarás.
- (21) Cuirfidh an t-idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála san áireamh na tuairimí, na moltaí agus na réitigh atá beartaithe a thíolacfaidh na saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach, chomh maith leis na tuairimí a chuir na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta a ndeachthas i gcomhairle leo, d'fhonn

an t-éagsúlacht a thabhairt le chéile. tuairimí idir na Ballstáit is páirtithe sa díospóid agus a ghlacfaidh tuairim neamhcheangailteach.

E. Socruithe oibre a bhaineann leis an dá chéim den idirghabháil

- (22) I gcásanna ina bhfuil faisnéis, fianaise, fórais agus imthosca atá contrártha i ndíospóid nach féidir leis na Ballstáit lena mbaineann a fhíorú, nó ina bhfuil gá le tuilleadh faisnéise a bhailiú ionas go leanfadh an nós imeachta idirghabhála a ghnáthchúrsa, féadfaidh an t-idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhord Idirghabhála a mholadh d'ionadaithe náisiúnta na mBallstát lena mbaineann go n-iarrfaidh siad ar an Údarás cigireacht chomhbheartaithe nó comhpháirteach a chomhordú agus tacú léi, i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9 den Rialachán bunaidh.
- (23) Déanfar an fhaisnéis a bhailítear le linn na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirteacha a thíolacadh i dtuarascáil mar a fhoráiltear in Airteagal 9(6) den Rialachán bunaidh, chuig na Ballstáit lena mbaineann agus chuig an idirghabhálaí nó chuig Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, mar aon le faisnéis íogair agus sonraí pearsanta curtha in eagar go cuí. Cuirfidh an t-am idir an moladh ón idirghabhálaí nó ó Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála agus faighte na tuarascála sos d'fheidhmiú na n-amlínte foriomlána chun an chéad chéim nó an dara céim den idirghabháil a thabhairt chun críche mar a fhoráiltear i míreanna 9 agus 16 den Airteagal seo. Mura dtiocfaidh na Ballstáit lena mbaineann ar chomhaontú maidir leis an moladh ón idirghabhálaí nó ó Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, as a dtiocfaidh staid nach féidir leis an nós imeachta idirghabhála a ghnáthchúrsa a leanúint, féadfaidh an nós imeachta idirghabhála teacht chun críche i gcomhréir le hAirteagal 18(2)(c).
- (24) Féadfaidh an t-idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála cúnaimh a iarraidh ar an Údarás i gcásanna ina n-éilítear soiléiriú ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta sonraí, nó aon fhaisnéis eile a theastaíonn chun go bhféadfaidh an t-idirghabhálaí nó an Bord Idirghabhála cabhrú leis na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le tuairim neamhcheangailteach. Leis an am idir an iarraidh ar chúnaimh agus an fhaisnéis arna iarraidh a fháil, cuirfear sos ag rith na n-amlínte foriomlána chun an chéad chéim nó an dara céim den idirghabháil mar a fhoráiltear i mír 9 agus i mír 16 den Airteagal seo a thabhairt chun críche.
- (25) Is é an Béarla teanga oibre an nós imeachta idirghabhála, mura gcomhaontóidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus an t-idirghabhálaí a mhalairt le linn na chéad chéime den idirghabháil nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála le linn an dara céim den idirghabháil. Tá sé seo gan dochar d'fhorálacha na seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin a chuireann an tÚdarás ar fáil.
- (26) Soláthróidh an tÚdarás seirbhísí rúnaíochta, lena n-áirítear aon seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta is gá chun go bhfeidhmeoidh an nós imeachta

idirghabhála i gceart le linn an dá chéim den idirghabháil, lena n-áirítear le linn éisteachtaí.

F. Idirghabháil mhear

- (27) Féadfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid a aontú go coitianta, in éineacht leis an idirghabhálaí le linn na chéad chéime den idirghabháil, nó le Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála le linn an dara céim den idirghabháil, ar spriocdhátaí táscacha atá níos giorra ná na cinn dá bhforáiltear sna socruithe oibre, ar choinníoll gur féidir cáilíocht an nós imeachta agus na tuairime neamhcheangailtí a chaomhnú.

III. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 20

Tuairisciú ó Bhallstáit is páirtí i ndíospóid

- (1) De bhun Airteagal 13(12) den Rialachán bunaidh, tabharfaidh na Ballstáit is páirtí i ndíospóid tuarascáil don Údarás, laistigh de thrí mhí ón tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh, maidir leis na bearta a ghlac siad chun obair leantach a dhéanamh i leith na tuairime.
- (2) Na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus nach bhfuil bearta déanta acu chun obair leantach a dhéanamh ar an tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh tríd an nós imeachta idirghabhála, tabharfaidh siad tuarascáil don Údarás, laistigh de thrí mhí tar éis í a ghlacadh, maidir leis na cúiseanna nach ndearnadh obair leantach maidir leis an tuairim neamhcheangailteach.

Airteagal 21

Tuairisciú ón Údarás

- (1) De bhun Airteagal 13(13) den Rialachán bunaidh, tuairisceoidh an tÚdarás don Choimisiún dhá uair sa bhliain maidir le toradh na gcásanna idirghabhála a sheol sé agus maidir le cásanna nár saothraíodh. Tíolacfar na tuarascálacha ag deireadh ráithe 1 (lena gcumhdófar ráithe 3 agus 4 den bhliain roimhe sin) agus 3 (lena gcumhdófar ráithe 1 agus ráithe 2 den bhliain chéanna).
- (2) Déanfaidh an tÚdarás faireachán agus obair leantach ar chur chun feidhme na tuairime neamhcheangailtí arna ghlacadh ag na Ballstáit le linn an chéad agus an dara céim den idirghabháil, agus tuairisceoidh sé an fhaisnéis sin don Bhord Bainistíochta ar bhonn bliantúil.

Airteagal 22

Meastóireacht

- (1) Tráth nach déanaí ná 36 mí ó theacht i bhfeidhm na Rialacha Nós Imeachta seo, agus gach 24 mí ina dhiaidh sin, déanfar éifeachtacht agus feidhmiúlacht na rialacha láithreacha a mheasúnú. Más gá, déanfar leasuithe chun na hionstraimí sin a fheabhsú, bunaithe ar an taithí a fuarthas sna míonna roimhe sin, a mholadh don Bhord Bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.
- (2) Tráth nach déanaí ná bliain amháin ón measúnú dá dtagraítear in Airteagal 40(1) den Rialachán bunaidh, déanfaidh an tÚdarás meastóireacht ar aon ghá leis na Rialacha

Nós Imeachta seo a mhodhnú ar bhonn an mheasúnaithe sin, agus más gá, molfaidh sé leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta seo don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh na Rialacha Nós Imeachta seo i bhfeidhm an lá tar éis don Bhord Bainistíochta iad a fhorghéar.

IARSCRÍBHINNÍ

I. **Glaob léirithe spéise d'idirghabhálaithe/do shaineolaithe ainmnithe an Bhoird Idirghabhála, do Chathaoirleach agus do Leas-Chathaoirligh an Bhoird Idirghabhála, dá dtagraítear in Airteagail 7(2) agus 8(2)**

Cuspóir: Le húsáid ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ó na Ballstáit chun daoine a ainmniú chun gníomhú mar idirghabhálaithe, saineolaithe ar an mBord Idirghabhála, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála. Tiomsófar an fhaisnéis a thíolacfar i ndoiciméad freisin chun a chur ar chumas na mBallstát is páirtí sa díospóid idirghabhálaí is fearr a oireann do nádúr na díospóide a roghnú, agus chun go bhféadfaidh an Cathaoirleach an painéal a chumadh, ag meaitseáil na saineolaithe atá ar fáil don nádúr agus do réimse na díospóide.

1. **Sonraí an duine ainmnithe**

- Ainm
- Institiúid náisiúnta ainmniúcháin (fostóir)
- Seoladh na hinstitiúide náisiúnta ainmniúcháin, sonraí teagmhála, seoladh ríomhphoist
- Ballstát/náisiúntacht
- Post reatha/ post/ sonraí an fhostóra
- Príomhfhreagrachtaí

2. **Cúlra agus scileanna gairmiúla an duine ainmnithe**

- Cúlra gairmiúil
- Scileanna teanga
- Réimse/réimsí saineolais maidir le réimsí dlí laistigh de raon feidhme idirghabhála an Údaráis Eorpaigh Saothair
- Taithí oibre ábhartha maidir le réimsí dlí laistigh de raon feidhme idirghabhála an Údaráis Eorpaigh Saothair
- Taithí ar idirghabháil/ar réiteach díospóide
- Taithí ar chomhaontuithe comhchoiteanna/ar chaidreamh tionsclaíochta

3. **Ainmnithe ag:** [Comhalta de Bhord Bainistíochta an Bhallstáit]

4. **Ainmnithe mar:**

- Idirghabhálaí
- Saineolaí ar an mBord Idirghabhála
- Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála
- Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála

- 5. Míniú gearr/fírinniú cén fáth a bhfuil an duine á ainmniú don phost a luaitear i bpointe**

II. Dearbhú neamhláithreachta coinbhleachta leasa dá dtagraítear in Airteagal 7(5)

Cuspóir: a bheidh le síniú ag gach duine a cheapfar chun gníomhú mar idirghabhálaí, saineolaí ar an mBord Idirghabhála, Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála, agus saineolaithe atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach chun a dhearbhuí nach bhfuil sé nó sí i staid ina bhfuil coinbhleachta leasa.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(4) de na Rialacha Níos Imeachta arna nglacadh le Cinneadh 16/2021 ón mBord Bainistíochta an 10 Samhain 2021, dearbhaímse, an duine atá sínithe thíos leis seo, nach bhfuil aon choinbhleacht leasa iarbhír nó ionchasach agam a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht na ndualgas a bhfuil gealltanais tugtha agam dóibh fónamh go cuí agus go hiomchuí mar:

- Idirghabhálaí
- Saineolaí ar an mBord Idirghabhála
- Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála
- Leas-Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála
- Saineolaí atá rannpháirteach i gcáil chomhairleach don chás sonrath ar ceapadh mé nó ar ar tugadh cuireadh dom a bheith rannpháirteach.

Ina theannta sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 7(5) de na Rialacha Níos Imeachta, geallaim leis seo an tÚdarás Eorpach Saothair a chur ar an eolas i scríbhinn, a luaithe a thagann aon choinbhleacht leasa chun cinn le linn dom mo chuid dualgas a chomhlíonadh, trí aighneacht a dhéanamh gan mhoill mhíchuí dearbhú i scríbhinn ag cur síos ar chás ar leith na coinbhleachta leasa iarbhír nó fhéideartha.

Is éard is coinbhleacht leasa ann ná cás ina bhféadfaí a bhrath go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag mo leasanna príobháideacha agus mo chleamhnaithe go hiarbhír nó go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar mo neamhspleáchas nó ar mo dhílseacht don Údarás Eorpach Saothair, agus áirítear leis:

- leasanna díreacha (sochair airgeadais a eascraíonn as, mar shampla, infheistíochtaí fostaíochta ar conradh, táillí srl.);
- leasanna airgeadais indíreacha (m.sh. deontais, urraíochtaí, nó sochar de chineál ar bith eile);
- leasanna a eascraíonn as mo ghníomhaíochtaí gairmiúla nó gníomhaíochtaí mo theaghlach;
- aon ról ballraíochta nó cleamhnacht a d'fhéadfadh a bheith agam in eagraíochtaí, comhlachtaí, clubanna a bhfuil leas dílsithe acu in obair an Údaráis Eorpaigh Saothair;

- aon leasanna nó fíricí eile a mheasann mé féin, an duine atá sínithe thíos, a bheith ábhartha.

Má thagann cás den sórt sin chun cinn, tuigim go ndéanfaidh an tÚdarás Eorpach Saothair measúnú ar mo chás braite coinbhleachta leasa agus déanfaidh sé aon bheart iomchuí chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an nós imeachta idirghabhála a áirithiú. Dá bhrí sin, tiocfaidh an tÚdarás Eorpach Saothair ar chinneadh cuíreasúnaithe maidir le mo chás ina bhraitear coinbhleacht leasa agus maidir le comhlíonadh mo chuid dualgas. Geallaim go gcloífidh mé le cinneadh an Údaráis Eorpaigh Saothair.

Dearbhaím ar m'onóir go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh fíor agus iomlán.

Ainm:

Síniú:

Dáta:

III. Samhail na tuarascála atá le hullmhú ag an idirghabhálaí nó ag an rapóirtéir i gcomhréir le hAirteagal 19(10) agus (17), lena n-áirítear an tsamhail den tuairim neamhcheangailteach dá dtagraítear in Airteagal 17

Cuspóir: Le heisiúint ag an idirghabhálaí le linn na chéad chéime den idirghabháil, agus ag an rapóirtéir le linn an dara céim den idirghabháil, chun cuntas fíorasach a thabhairt ar imeachtaí na hidirghabhála. Más rud é go dtiocfaidh réiteach atá inghlactha go frithpháirteach as an nós imeachta idirghabhála, glacfar tuairim neamhcheangailteach agus áireofar í sa tuarascáil fhíorasach.

Beidh na nithe seo a leanas sa tuarascáil:

1. Réamhrá

- Réamheolas ar an díospóid, na páirtithe, agus cuntas ar na céimeanna a rinneadh sular cuireadh tús leis an nós imeachta idirghabhála
- Cúlra na díospóide

2. Comhthéacs dlí

- Cuntas ar an ngníomh/ar na gníomhartha de chuid an Aontais ar a bhfuil an díospóid bunaithe

3. Cinneadh faidhbe

- Cuntas ar leagan gach páirtí den tsaincheist/de na saincheisteanna atá i gceist
- Déanann an t-idirghabhálaí/an rapóirtéir achoimre ar an tsaincheist/ar na saincheisteanna atá i gceist ar bhealach neodrach neamhbhreithiúnach

4. Saincheisteanna a shainaitheint

- Sainaitheint na saincheisteanna atá faoi réir na hidirghabhála, i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid

5. Giniúint agus meastóireacht ar réitigh iniúchta

- Cuntas ar na réitigh bheartaithe a scrúdaíodh chun an díospóid a réiteach ag na páirtithe, agus más infheidhme, na tuairimí a léirigh na saineolaithe a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i gcáil chomhairleach, agus, más infheidhme, na tuairimí a chuir na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta inniúla in iúl.

6. Tuairim neamhcheangailteach

- Má aontaíonn na páirtithe ar an réiteach chun an díospóid a réiteach, ba cheart an tuairim neamhcheangailteach a chur san áireamh anseo, leis an bhfaisnéis seo a leanas:

- Réiteach atá inghlactha go frithpháirteach
 - Amlíne chun an réiteach a chur i bhfeidhm
 - Cruinniú leantach comhaontaithe
 - Moltaí
- Mura n-aontaíonn na páirtithe ar an réiteach chun an díospóid a réiteach, ba cheart don idirghabhálaí/don rapóirtéir na fíricí a lua anseo

7. Conclúid

- Tráchtanna deiridh ón idirghabhálaí/ón rapóirtéir ar an gcás idirghabhála (neodrach agus neamhbhreithiúnach)

IV. Faisnéis atá le háireamh sa ráiteas mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 9(2)

Cuspóir: Nuair a chuireann Ballstát díospóid faoi bhráid an Údaráis Eorpach Sathair le haghaidh idirghabhála, ba cheart go leanfadh an iarraidh ráiteas ina léireofar go soiléir na hábhair inní atá ag an mBallstát/ag na Ballstáit a dhéanann an iarraidh. Déanfar é seo i ráiteas mionsonraithe a cheadóidh don Údarás cúis agus cineál na díospóide a chinneadh. Ní bheidh aon sonraí pearsanta sa ráiteas mionsonraithe.

Áireofar sa ráiteas mionsonraithe:

1. Faisnéis ghinearálta

- cur síos ar an díospóid
- na Ballstáit atá i gceist
- Sonraí teagmhála an ionadaí náisiúnta
- na tuairimí éagsúla
- na príomhcheisteanna conspóide
- na gníomhartha Aontais ar a bhfuil an díospóid bunaithe

2. Céim teagmhála agus comhphlé

- taifead dátaithe ar gach iarracht agus malartú chun an díospóid a réiteach
- toradh na teagmhála agus an chomhphlé

3. Páirtí/páirthishe leasmhara eile atá i gceist

- Rannpháirtíocht na gcomhpháirthishe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta
- Páirtí/páirthishe leasmhara eile

4. Cásanna a bhaineann le slándáil shóisialta

- Má bhaineann an díospóid le slándáil shóisialta, ar chuir aon cheann de na páirthishe an cás faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin riamh? Má tá, tabhair sonraí, dáta, srl.
- Séanadh:
 - Cuirfidh an tÚdarás Eorpach Sathair an Coimisiún Riaracháin ar an eolas faoi gach díospóid a dtarchuirtear chuig idirghabháil ag an Údarás Eorpach Sathair a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta. Chun na críche sin, cuirfear an ráiteas mionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin.
 - I gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, féadfaidh an Coimisiún Riaracháin iarraidh ar an Údarás Eorpach Sathair an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin.
 - Féadfaidh aon Bhallstát is páirtí sa díospóid a iarraidh ar an Údarás Eorpach Sathair an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin.

- Má thugtar gnéithe nua isteach sa díospóid a bhaineann le slándáil shóisialta, nach raibh soiléir nó doiciméadaithe ar dtús, tráth ar bith tar éis seoladh an nós imeachta idirghabhála, cuirfidh an tÚdarás Eorpach Saothair an nós imeachta ar fionraí, agus cuirfidh sé an Coimisiún Riaracháin ar an eolas. Fanfaidh an tÚdarás Eorpach Saothair le cinneadh an Choimisiúin Riaracháin cibé an n-iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé, laistigh den spriocdháta sonraithe, go ndéanfaí an díospóid a tharchur sula rachfar ar aghaidh níos faide.
- Má bhaineann díospóidí le saincheist a éilíonn léirmhíniú nua ar Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus 987/2009, beidh sé seo lasmuigh de raon feidhme nós imeachta idirghabhála an Údaráis Eorpaigh Saothair.

5. Comhaontú ag na páirtithe

- Le linn na céime teagmhála agus comhphlé, an raibh comhaontú idir na páirtithe go léir maidir leis an bhfaisnéis, na fíricí, na cúinsí, etc. faoi réir na díospóide?
- An bhfuil comhaontú idir na páirtithe go léir chun an díospóid a tharchur le haghaidh idirghabhála ag an Údarás Eorpach Saothair?